C/2026/3753

15.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3753)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Volailles de l'Ain'

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0146-AM01 — 21.4.2026

1. **Ainm an táirge**

'Volailles de l'Ain'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Volailles de l'Ain' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú 'caighdeánach' an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

1. Roinn fhreagrach sa Bhallstát

Tuairisc

Cuireadh an roinn dar teideal ‘An roinn fhreagrach sa Bhallstát’ isteach, ar roinn í ina dtugtar sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (Institut national de la qualité et de l’origine – INAO), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

2. Grúpa is iarratasóir:

Tuairisc

Tugadh uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist QUALINEA, lena dtugtar oibreoirí an TGFC seo le chéile, cothrom le dáta. Ina theannta sin, athraíodh foclaíocht na tuairisce ar a chomhdhéanamh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

3. Cineál an táirge

Tuairisc

Rinneadh an roinn a bhaineann leis an gcineál táirge, a sainíodh roimhe seo de réir a aicme, a scriosadh ón tsonraíocht.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

4. Tuairisc ar an táirge

Tuairisc

Le haghaidh na dtáirgí atá cumhdaithe faoin TGFC, soláthraítear leis an leasú le haghaidh tháirgeadh na táirgí breise a leanas:

— poularde;

— gé;

— cábún éanlaithe guine;

— cearca buí agus dubha;

— cábún buí.

Forlíonadh an roinn le tuairisc ar an bhfeinitíopa le haghaidh gach speicis.

Cuireadh domhainreo isteach mar mhodh cur i láthair féideartha le haghaidh gach táirge.

Áiríodh nósanna imeachta maidir le scairteach amháin a bhuain, a stóráil agus a mhargú le haghaidh sicíní agus éanlaith ghuine.

Cuireadh gearrthacha isteach i gcás na speiceas uile dá bhforáiltear sa tsonraíocht táirge. Sonraíodh a saintréithe. Féadfaidh siad teacht ó chonablaigh a bhfuil fabhtanna beaga orthu, ach ní mór na píosaí a roghnaítear critéir chur i láthair Aicme A a chomhlíonadh, agus ní mór meáchan íosta nach lú ná 90 % den mheáchan a shonraítear le haghaidh éanlaith chlóis a dhíoltar ina n-iomláine a bheith sna píosaí óna dtógtar na gearrthacha.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

5. Limistéar geografach

Tuairisc

Ní dhearnadh ach athruithe eagarthóireachta ar an roinn. Níor athraíodh an sainmhíniú ar an limistéar geografach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

6. Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

Tuairisc

Ráthaítear tionscnamh na dtáirgí trí na hainmhithe agus na táirgí a shainaithint agus a rianú ag gach céim den táirgeadh agus den phróiseáil.

Tugadh an fhianaise inrianaitheachta cothrom le dáta agus leagadh amach í i dtábla achomair. Sonraítear sa tábla seo an cineál faisnéise atá le taifeadadh le haghaidh gach céime, chomh maith leis an doiciméad taifeadta gaolmhar. Ag gach céim, sainaithnítear na hainmhithe agus na táirgí le baiscuimhir, rud a fhágann gur féidir an chéim roimhe sin a nascadh leis an gcéim ina dhiaidh sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

AISTRIÚ CHUIG ROINN 4) FIANAISE GUR DE THIONSCNAMH AN LIMISTÉIR GHEOGRAFAIGH AN TÁIRGE

Tuairisc

Ní mór d'aon oibreoir a bhfuil baint aige le táirgeadh thásc geografach faoi chosaint 'Volailles de l'Ain' é féin a chur in aithne don ghrúpa chun go n-údarófar é roimh thús na gníomhaíochta atá i gceist.

Ráthaítear tionscnamh na dtáirgí trí na hainmhithe agus na táirgí a shainaithint agus a rianú ag gach céim den táirgeadh agus den phróiseáil.

Ag gach céim den slabhra táirgeachta, coinníonn na hoibreoirí éagsúla (eagraíochtaí táirgthe agus faireacháin theicniúil, póraitheoirí, monaróirí beatha, seamlais, ionaid spólta, saoráidí pacáistithe) doiciméid cothrom le dáta chun inrianaitheacht an táirge ón mbun aníos agus ón mbarr anuas a áirithiú agus chun comhlíonadh an mhodha táirgthe le haghaidh thásc geografach faoi chosaint 'Volailles de l'Ain' a áirithiú.

Sonraítear sa tábla seo an cineál faisnéise atá le taifeadadh le haghaidh gach céime, chomh maith leis an doiciméad taifeadta gaolmhar. Ag gach céim, sainaithnítear na hainmhithe agus na táirgí le baiscuimhir, rud a fhágann gur féidir an chéim roimhe sin a nascadh leis an gcéim ina dhiaidh sin.

Taifid inrianaitheachta

CÉIM

ETFT (eagraíocht táirgeachta agus faireacháin theicniúil)

Doiciméad gaolmhar

Clár na ngabháltas

Nótaí seachadta le haghaidh sicíní

Taifid faireacháin agus rialaithe

Sainaithint an ghabháltais

Achar dromchla foirgneamh agus clóis ghaolmhara

Pórtha sicín

Dlús

CÉIM

Monarú beatha

Doiciméad gaolmhar

Taifead monaraíochta agus seachadta

Nótaí seachadta agus lipéid

Taifid faireacháin agus rialaithe

Sainaithint mhonaróir na beatha

Taifead dáileogachta beatha

Sainaithint an ghabháltais

CÉIM

Tógáil

Doiciméad gaolmhar

Taifead pórúcháin

Nótaí seachadta le haghaidh sicíní

Nótaí seachadta le haghaidh beatha

Nóta maidir le baint pháirteach

Taifid faireacháin agus rialaithe

Sainaithint an ghabháltais

Uimhir DT (Deimhniú Tionscnaimh)

Uimhir foirgnimh

Dáta bunaithe;

Aois rochtana ar an gclós

Pórtha sicín

Dlús

Beatha dáilte

Sonraí teagmhála an ghabháltais

Uimhir foirgnimh

Tráth an troscaidh

An dáta a baineadh é

Am imeachta ón ngabháltas

An t-am teachta chuig an seamlas

An líon éanlaithe clóis a baineadh

Sonraí teagmhála an tseamlais

CÉIM

Marú

Doiciméad gaolmhar

Nóta maidir le baint pháirteach

Taifead maraithe, bileog rianaithe baisceanna maraithe

Dearbhú deimhniúcháin TGFC

Taifid faireacháin agus rialaithe

Sainaithint an tseamlais

Am iompair

Baiscuimhir

Dáta an mharaithe

An líon ainmhithe atá TGFC-dheimhnithe a mharaítear, a íosghrádaítear agus a chláraítear in aghaidh na baisce in aghaidh an ghabháltais

CÉIM

Ionad spólta

Doiciméad gaolmhar

Taifead maraithe, bileog rianaithe baisceanna maraithe

Dearbhú deimhniúcháin TGFC

Taifid faireacháin agus rialaithe

Sainaithint an ionaid spólta

Dáta an mharaithe

Dáta an ghearrtha

Gearradh cainníochta agus TGFC deimhnithe in aghaidh na baisce in aghaidh an ghabháltais

CÉIM

Saoráid domhainreo

Doiciméad gaolmhar

Taifead maraithe, bileog rianaithe baisceanna domhainreo

Dearbhú deimhniúcháin TGFC

Taifid faireacháin agus rialaithe

Sainaithint saoráide domhainreo

Baiscuimhir

Dáta an mharaithe

Dáta an domhainreo

An líon ainmhithe atá TGFC-dheimhnithe atá domhainreoite in aghaidh na baisce in aghaidh an ghabháltais

CÉIM

Saoráid phacáistíochta

Doiciméad gaolmhar

Taifead maraithe, bileog rianaithe baisceanna pacáistíochta

Dearbhú deimhniúcháin TGFC

Taifid faireacháin agus rialaithe

Sainaithint na saoráide pacáistíochta

Dáta an mharaithe

Dáta an phacáistithe

Tagairt bhaisce/ghabháltais

An líon ainmhithe atá TGFC-dheimhnithe a phacáistítear in aghaidh na baisce in aghaidh an ghabháltais

Ní mór doiciméid a bhaineann le faireachán agus rialú na ndálaí táirgeachta a choinneáil ar feadh 24 mhí ar a laghad. Féadfar iad a chartlannú ar pháipéar nó i bhfoirm dhigiteach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

7. Tuairisc ar an modh táirgthe

Tuairisc

Foroinn 5.1. Pórtha a úsáidtear

Cuireadh feinitíopaí gach speicis isteach agus tugtar tuairisc orthu san fhoroinn seo. Aithnítear na pórtha mar chineálacha crua a fhásann go mall.

Foroinn 5.2. Cineál tógála éanlaithe clóis

Tógtar 'Volailles de l'Ain' ar bhonn saor-raoin. Sonraíodh na dálaí maidir le rochtain ar chlóis.

Sonraíodh saintréithe na bhfoirgneamh agus a bhfeistis. Sonraíodh a n-achar dromchla. Tá achar dromchla na bhfoirgneamh níos mó i gcás na speiceas níos mó (turcaithe, géanna).

Sonraíodh na luachanna socraithe don dlús uasta agus don líon uasta in aghaidh an fhoirgnimh, don achar clóis íosta in aghaidh an ainmhí agus don aois uasta chun rochtain a fháil ar an gclós agus cuireadh isteach iad i gcás an speicis nua.

Foroinn 5.3. Cineál clóis

Áirítear i gcomhdhéanamh na gclós fálta agus limistéar faoi chrainn ina bhfuil líon íosta crann ag brath ar achar dromchla an fhoirgnimh, ar mhaithe le leas ainmhithe.

Is speicis áitiúla go príomha iad na crainn a chuirtear agus atá ar an gclós, agus ní mór 50 % ar a laghad den phlandáil a bheith i gceist leo.

Foroinn 5.4. Beatha

Laghdaíodh an cion gránach agus táirgí a dhíorthaítear ó ghránaigh atá sa bheatha le linn na tréimhse ramhraithe.

Cuireadh isteach nach mór dhá chineál gránaigh ar a laghad a bheith ann, lena n-áirítear arbhar Indiach.

Tá teorainn leis an gcion uasta táirgí a dhíorthaítear ó ghránaigh san fhoirmle bheatha.

Cuireadh liosta catagóirí ceadaithe amhábhar isteach.

Foroinn 5.5. Iompar agus bailiú éanlaithe clóis

Sonraíodh dálaí iompair idir an tsaoráid bheostoic agus an seamlas i dtéarmaí achar ama agus faid. Áirítear ar na dálaí sin tréimhse íosta throscaidh ar mhaithe le leas ainmhithe agus iad á n-iompar.

Foroinn 5.6. Aga feithimh roimh mharú

Cuireadh tréimhse téarnaimh tar éis iompair agus tréimhse mhachnaimh roimh mharú na héanlaithe clóis isteach ar mhaithe le leas na n-ainmhithe roimh mharú.

Foroinn 5.7. Cur i láthair an táirge

Foroinn bhreise

5.7.1. Conablaigh iomlána

Cuireadh isteach ceanglais maidir le sórtáil agus meáchan le haghaidh conablach.

Sonraíodh teochtaí tar éis fuarú.

Cuireadh isteach ceanglais maidir le scairteach a bhailiú agus a stóráil chun a sláine a chaomhnú.

Foroinn bhreise

5.7.2. Gearrthacha táirgí

Cuireadh srian ar an tréimhse idir marú agus gearradh.

Sonraíodh saintréithe na ngearrthacha.

Foroinn bhreise

5.7.3. Domhainreo táirgí

Cuireadh dálaí agus teorainneacha ama maidir le domhainreo isteach le haghaidh táirgí atá oiriúnach don mhodh leasaithe seo.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

8. Fianaise ar an nasc leis an timpeallacht gheografach

Tuairisc

Rinneadh na tosca lena dtugtar údar leis an nasc leis an timpeallacht gheografach a athscríobh ina n-iomláine, rud a fhágann gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir saintréithe sonracha an limistéir gheografaigh, an táirge agus an nasc cúisíoch.

Áiríodh agus forlíonadh buneilimintí an naisc leis an timpeallacht gheografach.

Tá siad bunaithe ar thraidisiún láidir feirmeoireachta éanlaithe clóis an réigiúin, rud a chuireann i dtábhacht na dálaí ithreach agus aeráide, saothrú arbhair Indiaigh agus an córas measctha barr/feirmeoireachta stoic - is é sin le rá, na tosca daonna atá mar bhonn taca leis an táirgeadh sin. Braitheann táirgeadh ar úsáid pórtha crua a fhásann go mall.

Áiríodh traidisiún gastranómach agus cáil na héanlaithe clóis sin agus tugadh tuairisc orthu sa nasc cúisíoch.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

9. Comhlacht cigireachta

Tuairisc

Tá sonraí teagmhála na n-údarás atá freagrach as cigireachtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ar fáil anois, i.e. an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) agus an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, Gnóthaí Tomhaltóirí agus Cosc Calaoise. Is féidir ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin a aimsiú ar shuíomh gréasáin INAO agus i mbunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

10. Lipéadú

Tuairisc

Scriosadh an mhír atá ann faoi láthair agus cuireadh abairt ina hionad ina dtugtar tuairisc ar na gnéithe rialála sainordaitheacha a bhaineann go sonrach le tásca geografacha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

11. Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Cuirtear an roinn seo i láthair i bhfoirm tábla ina dtaispeántar na príomhítimí atá le seiceáil agus na modhanna meastóireachta atá le húsáid.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Volailles de l’Ain’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0146-AM01 — 21.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Volailles de l’Ain’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

02 – FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is iad seo a leanas saintréithe ‘Volailles de l’Ain’:

— úsáid a bhaint as pórtha crua a fhásann go mall agus a fhágann gur féidir iad a thógáil ar feadh tréimhse fhada;

— tógáil saor-raoin agus rochtain ar chlós féarúil a bhfuil crainn ar gach taobh de;

— beatha ina bhfuil 70 % ar a laghad de ghránaigh le linn na céime ramhraithe.

Tá cruth maith ar ‘Volailles de l’Ain’, conablach dea-chumhdaithe a bhfuil mais matán aige atá dáilte go maith ar fud an chnámharlaigh uile, agus brat saille arb é is saintréith dó ciseal tanaí saille ar an mbrollach, ar an droim agus ar na ceathrúna.

Ní dhíoltar ach conablaigh Aicme A mar phíosaí iomlána.

Tá aicmiú na ngearrthacha ar leithligh ó aicmiú na gconablach iomlán. Tagann gearrthacha ó chonablaigh a bhféadfadh fabhtanna beaga a bheith iontu (nach féidir a aicmiú mar Aicme A) ach nach mór dóibh critéir chur i láthair Aicme A a chomhlíonadh, agus meáchan íosta na gconablach a dhíoltar ina n-iomláine á urramú an tráth céanna.

Sicín

Tógtar é ar feadh 81 lá ar a laghad, is féidir é a dhíol ina iomláine nó i ngearrthacha, agus é úr nó domhainreoite. Díoltar scairteach (croí, eagaois agus ae) úr nó domhainreoite freisin.

Tá sí ar fáil agus í neamhphacáistithe, clúdaithe le scannán, folúsphacáilte nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe.

Is iad seo a leanas na cuir i láthair éagsúla:

— leasaithe (meáchan íosta an chonablaigh 1 300 kg);

— réidh le cócaráil (meáchan íosta an chonablaigh ghlanta gan scairteach 1 000 kg);

— gearrthacha;

— scairteach (croí, eagaois agus ae)

Cábún

Tógtar an cábún ar feadh 150 lá ar a laghad agus is féidir é a dhíol ina iomláine, i ngearrthacha, agus é úr nó domhainreoite. Tá sé ar fáil agus é neamhphacáistithe, clúdaithe le scannán, folúsphacáilte nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe.

Is iad seo a leanas na cuir i láthair éagsúla:

— leasaithe (meáchan íosta an chonablaigh 2 900 kg);

— réidh le cócaráil (meáchan íosta an chonablaigh ghlanta gan scairteach 2 500 kg);

— gearrthacha.

Poularde

Tógtar poularde ar feadh 120 lá ar a laghad agus is féidir é a dhíol ina iomláine, i ngearrthacha, agus é úr nó domhainreoite. Tá sé ar fáil agus é neamhphacáistithe, clúdaithe le scannán, folúsphacáilte nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe.

Is iad seo a leanas na cuir i láthair éagsúla:

— leasaithe (meáchan íosta an chonablaigh 1 950 kg);

— réidh le cócaráil (meáchan íosta an chonablaigh ghlanta gan scairteach 1 650 kg);

— gearrthacha.

Éanlaith ghuine

Tógtar éanlaith ghuine ar feadh 94 lá ar a laghad agus is féidir í a dhíol ina hiomláine, i ngearrthacha, agus í úr nó domhainreoite. Díoltar scairteach (croí, eagaois agus ae) úr nó domhainreoite freisin.

Tá sí ar fáil agus í neamhphacáistithe, clúdaithe le scannán, folúsphacáilte nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe.

Is iad seo a leanas na cuir i láthair éagsúla:

— leasaithe (meáchan íosta an chonablaigh 1 100 kg);

— réidh le cócaráil (meáchan íosta conablach glanta gan scairteach 0,850 kg);

— gearrthacha;

— scairteach (croí, eagaois agus ae)

Cábún éanlaithe guine

Tógtar cábún éanlaithe guine ar feadh 150 lá ar a laghad agus is féidir é a dhíol ina iomláine, i ngearrthacha, agus é úr nó domhainreoite. Tá sé ar fáil agus é neamhphacáistithe, clúdaithe le scannán, folúsphacáilte nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe.

Is iad seo a leanas na cuir i láthair éagsúla:

— leasaithe (meáchan íosta an chonablaigh 1 800 kg);

— réidh le cócaráil (meáchan íosta an chonablaigh ghlanta gan scairteach 1 400 kg);

— gearrthacha.

Turcaí

Tógtar turcaí ar feadh 140 lá ar a laghad agus is féidir é a dhíol ina iomláine, i ngearrthacha, agus é úr nó domhainreoite, agus tá sé ar fáil gan phacáistiú, clúdaithe le scannán, folúsphacáilte nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe.

Is iad seo a leanas na cuir i láthair éagsúla:

— leasaithe (meáchan íosta an chonablaigh 2 700 kg);

— réidh le cócaráil (meáchan íosta an chonablaigh ghlanta gan scairteach 2 300 kg);

— gearrthacha.

Gé

Tógtar gé ar feadh 140 lá ar a laghad.

Is féidir í a dhíol ina hiomláine, i ngearrthacha, úr nó domhainreoite, agus tá sí ar fáil gan phacáistiú, clúdaithe le scannán, folúsphacáilte nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe.

Is iad seo a leanas na cuir i láthair éagsúla:

— leasaithe (meáchan íosta an chonablaigh 3 100 kg);

— réidh le cócaráil (meáchan íosta an chonablaigh ghlanta gan scairteach 2 700 kg);

— fuilithe ach gan bheith glanta (meáchan íosta an chonablaigh 3 500 kg);

— gearrthacha.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Is éard atá sa bheatha le haghaidh 'Volailles de l'Ain' 70 % ar a laghad de ghránaigh agus de tháirgí a dhíorthaítear ó ghránaigh le linn na tréimhse ramhraithe (meán ualaithe ó 29 lá d'aois, ach amháin i gcás géanna ina dtosaíonn an tréimhse ramhraithe ag 36 lá).

Ní mór dhá chineál gránach ar a laghad a bheith sa bheatha, lena n-áirítear arbhar Indiach. Ní fhéadfaidh níos mó ná 15 % den fhoirmle iomlán a bheith i dtáirgí a dhíorthaítear ó ghránaigh.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tógtar 'Volailles de l'Ain' go heisiach i limistéar geografach an TGFC ón nóiméad a shroicheann siad agus iad aon lá amháin d'aois go dtí an dáta a bhaintear iad.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór siombail TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéadú sa réimse radhairc céanna le hainm an TGFC.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá na ranna agus na bardais seo a leanas sa limistéar:

— roinn iomlán Ain;

— i roinn Rhône:

Albigny-sur-Saône, Alix, Ambérieux, Anse, Arnas, Belleville-en-Beaujolais, Belmont-d'Azergues, Blacé, Cailloux-sur-Fontaines, Cercié, Charentay, Charnay, Chassieu, Chazay-d'Azergues, Cogny, Colombier-Saugnieu, Corcelles-en-Beaujolais, Couzon-au-Mont-d'Or, Curis-au-Mont-d'Or, Décines-Charpieu, Denicé, Dracé, Fleurieu-sur-Saône, Fontaines-Saint-Martin, Fontaines-sur-Saône, Genas, Genay, Gleizé, Jonage, Jons,

Lacenas, Lachassagne, Lancié, Limas, Lozanne, Lucenay, Marcy, Meyzieu, Montanay, Montmelas-Saint-Sorlin, Morancé, Neuville-sur-Saône, Odenas, Le Perréon, Poleymieux-au-Mont-d'Or, Pommiers, Porte des Pierres Dorées, Pusignan, Quincieux, Rillieux-la-Pape, Rivolet, Rochetaillée-sur-Saône, SainttBonnet-de-Mure, Saint-Cyr-le-Chatoux, Saint-Etienne-des-Oullières, Saint-Etienne-la-Varenne, Saint-Georges-de-Reneins, Saint-Germain-au-Mont-d'Or, Saint-Jean-des-Vignes, Saint-Julien, Saint-Lager, Saint-Laurent-de-Mure, Saint-Romain-au-Mont-d'Or, Salles-Arbuissonnas-en-Beaujolais, Sathonay-Camp, Sathonay-Village, Taponas, Vaulx-en-Velin, Vaux-en-Beaujolais agus Villefranche-sur-Saône;

— i roinn Saône et Loire:

Azé, Bantanges, Berzé-la-Ville, Bissy-la-Mâconnaise, Burgy, Bussières, Chaintré, Champagnat, Chânes, La Chapelle-de-Guinchay, La Chapelle-sous-Brancion, La Chapelle-Thècle, Charbonnières, Chardonnay, Chasselas, Chevagny-les-Chevrières, Clessé, Condal, Crêches-sur-Saône, Cruzille, Cuiseaux, Davayé, Dommartin-lès-Cuiseaux, Farges-lès-Mâcon, Flacey-en-Bresse, Fleurville, Frontenaud, Fuissé, Grevilly, Hurigny, Igé, Joudes, Lacrost, Laizé, Leynes, Lugny, Mâcon, Martailly-lès-Brancion, Ménetreuil, Milly-Lamartine, Le Miroir, Montbellet, Montpont-en-Bresse, Ozenay, Péronne, Préty, Prissé, Pruzilly, Ratenelle, La Roche-Vineuse, Romanèche-Thorins, Romenay, Royer, Saint-Albain, Saint-Amour-Bellevue, Saint-Gengoux-de-Scissé, Saint-Martin-elle-Roche, Saint-Maurice-de-Satonnay, Saint-Symphorien-d'Ancelles, Saint-Vérand, Sainte-Croix, La Salle, Sancé, Senozan, Sologny, Solutré-Pouilly, Tournus, La Truchère, Uchizy, Varennes-lès-Mâcon, Varennes-Saint-Sauveur, Vergisson, Verzé, Le Villars, Vinzelles agus Viré;

— i roinn Jura:

Andelot-Morval, Arinthod, Aromas, Avignon-lès-Saint-Claude, Balanod, Bellecombe, La Boissière, Les Bouchoux, Broissia, Cernon, Chancia, Charchilla, Charnod, Chassal-Molinges, Châtel-de-Joux, Chevreaux, Choux, Coiserette, Condes, Cornod, Coyrière, Coyron, Crenans, Les Crozets, Coteaux-du-Lizon, Digna, Dramelay, Etival, Genod, Gigny, Graye-et-Charnay, Jeurre, Lajoux, Lamoura, Larrivoire, Lavancia-Epercy, Lect, Leschères, Les Trois Châteaux, Loisia, Maisod, Marigna-sur-Valouse, Martigna, Meussia, Moirans-en-Montagne, Montlainsia, Monnetay, Montagna-le-Reconduit, Montcusel, Montfleur, Montrevel, Les Moussières, Nanchez, La Pesse, Lavans-lès-Saint-Claude, La Rixouse, Rogna, Saint-Amour, Saint-Claude, Saint-Hymetière-sur-Valouse, Septmoncel Les Molunes, Thoirette-Coisia, Thoissia, Val d'Epy, Val Suran, Valzin en Petite Montagne, Vescles, Villard-Saint-Sauveur, Villards-d'Héria, Viry, Vosbles-Valfin agus Vulvoz;

— i roinn Isère:

Les Abrets en Dauphiné, Annoisin-Chatelans, Anthon, Aoste, Arandon-Passins, Avenières-Veyrins-Thuellin, La Balme-les-Grottes, La Bâtie-Montgascon, Le Bouchage, Bouvesse-Quirieu, Brangues, Chamagnieu, Charette, Charvieu-Chavagneux, Chavanoz, Chimilin, Chozeau, Corbelin, Courtenay, Crémieu, Creys-Mépieu, Dizimieu, Frontonas, Granieu, Hières-sur-Amby, Janneyrias, Leyrieu, Montalieu-Vercieu, Moras, Morestel, Optevoz, Panossas, Parmilieu, Le Pont-de-Beauvoisin, Pont-de-Chéruy, Porcieu-Amblagnieu, Pressins, Romagnieu, Saint-Albin-de-Vaulserre, Saint-André-le-Gaz, Saint-Baudille-de-la-Tour, Saint-Hilaire-de-Brens, Saint-Jean-d'Avelanne, Saint-Martin-de-Vaulserre, Saint-Romain-de-Jalionas, Saint-Sorlin-de-Morestel, Saint-Victor-de-Morestel, Sermérieu, Siccieu-Saint-Julien-et-Carisieu, Soleymieu, Tignieu-Jameyzieu, Trept, Vasselin, Vénérieu, Vernas, Vertrieu, Veyssilieu, Vézeronce-Curtin, Villemoirieu agus Villette-d'Anthon;

— i roinn Savoie:

Avressieux, La Balme, Billième, Champagneux, Chanaz, La Chapelle-Saint-Martin, Chindrieux, Conjux, Gerbaix, Jongieux, Loisieux, Lucey, Marcieux, Meyrieux-Trouet, Motz, Novalaise, Ontex, Rochefort, Ruffieux, Saint-Jean-de-Chevelu, Saint-Genix-les-Villages, Saint-Paul, Saint-Pierre-d'Alvey, Saint-Pierre-de-Curtille, Sainte-Marie-d'Alvey, Serrières-en-Chautagne, Traize, Verthemex, Vions agus Yenne;

— i roinn Haute-Savoie:

Archamps, Bassy, Beaumont, Bossey, Challonges, Chaumont, Chavannaz, Chêne-en-Semine, Chênex, Chessenaz, Chevrier, Chilly, Clarafond-Arcine (Clarafond), Clermont, Collonges-sous-Salève, Contamine-Sarzin, Desingy, Dingy-en-Vuache, Droisy, Eloise, Feigères, Franclens, Frangy, Jonzier-Epagny, Marlioz, Menthonnex-sous-Clermont, Minzier, Musièges, Neydens, Présilly, Saint-Germain-sur-Rhône, Saint-Julien-en-Genevois, Savigny, Seyssel, Usinens, Valleiry, Vanzy, Vers, Viry agus Vulbens.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☑ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc le tionscnamh 'Volailles de l'Ain' bunaithe ar a chlú agus ar shaintréithe sonracha an táirge atá nasctha le saineolas na bhfeirmeoirí éanlaithe clóis.

Is réigiún é an limistéar geografach ina bhfuil foirmíochtaí geolaíocha éagsúla agus aistriú.

Cuimsíonn an chuid thiar réigiúin Bresse agus Dombes, lena n-áirítear Côtière agus cuid de Val de Saône. Comhfhreagraíonn sé do scoiltghleann teicteonach a foirmíodh le linn na tréimhse Treasaí le linn príomhchéimeanna oraiginis Alpaigh. Níos faide ó dheas, i dtreo an láir, tá an Bugey agus an chuid theas den Revermont, a bhfuil sraith cnoc mar shaintréith acu. Tá Pays de Gex, san oirthuaisceart, comhdhéanta de limistéar sléibhtiúil a fheidhmíonn mar bhacainn aeráide, a shroicheann airde suas le 1 720 méadar, agus limistéar ísealchríche ag airde idir 350 agus 600 méadar.

Tá machairí agus ardchláir an iarthair réasúnta aonfhoirmeach. Méadaíonn an bháisteach ar bhealach measartha seasta ón iarthar go dtí an t-oirthear suas go dtí na chéad fhánaí de shléibhte Jura, Revermont agus Bugey, ansin méadaíonn sí go neamhrialta ag brath ar threoshuíomh na bhfánaí agus na ngleannta san oirthear. Is gnách go gcuirtear moill le córais báistí nuair a shroicheann siad na sléibhte in oirthear na roinne agus fanann siad ann, rud a mhíníonn an fáth a bhfaigheann an chuid thoir den roinn níos mó báistí. Ar an gcaoi chéanna, tá teochtaí níos airde agus sách comhsheasmhach in iarthar na roinne, agus beagán níos éagsúla san oirthear mar gheall ar an topagrafaíocht.

Tá líonra hidreagrafach fairsing agus dlúth ag an roinn. Tá dhá chineál sruthchúrsa ar leith ann: na sruthanna ísealchríche a shreabhann thar shil-leagain dhobharoighreacha mhachaire Bresse agus ardchlár Dombes, agus na sruthanna a shreabhann thar rilífí fillte dheisceart Jura, ar a dtugtar Bugey.

Mar thoradh ar na tosca nádúrtha sin, is cuid bhunúsach de gheilleagar agus de thraidisiún talmhaíochta Ain é saothrú arbhair Indiaigh.

Is iad seo a leanas saintréithe roinn Ain, atá suite ag crosbhóthar tionchair aeráide éagsúla (ilchríochach, sléibhtiúil agus Meánmhuirí):

— ithreacha torthúla agus éagsúla: tá na machairí agus na gleannta, go háirithe iad siúd de chuid Bresse agus Val de Saône, lán le créanna gláracha, atá oiriúnach chun arbhar Indiach a fhás;

— aeráid mheasartha: spreagann na samhraí agus na fómhair theo, thaise táirgeadh flúirseach arbhair Indiaigh;

— tírdhreacha éagsúla: is suíomh iontach iad spásanna oscailte, ina bhfuil móinéir agus barra gránach, le haghaidh tógáil éanlaithe clóis saor-raoin.

Tá táirgeadh éanlaithe clóis fréamhaithe go domhain i roinn Ain. Is é is cúis le beagnach 20 % d'fheirmeoireacht stoic sa roinn. Baineann a neart lena raon éagsúil táirgí agus speiceas, agus le slabhraí soláthair ardcháilíochta a bhfuil dea-cháil orthu ann. Eascraíonn an éagsúlacht sin go páirteach as éileamh láidir ar tháirgeadh áitiúil. Tairbhíonn an slabhra soláthair freisin de na páirtithe leasmhara uile ann (maidir le roghnú, goradh, grúpaí táirgeoirí, soláthróirí beatha agus marú).

Is talamh de thraidisiún feirmeoireachta éanlaithe clóis é go deimhin. In 2015, ba í an fheirmeoireacht éanlaithe clóis an phríomhghníomhaíocht ag 170 gabháltas. Agus an líon coimeádaithe éanlaithe clóis á chur san áireamh, bhí níos mó ná 800 gabháltas i gceist leis sin. Go traidisiúnta, bhí teach éanlaithe clóis ag gach gabháltas i roinn Ain chun ioncam a fhorlíonadh, agus is amhlaidh atá fós sa lá atá inniu ann i gcás go leor gabháltas, fiú murab í an fheirmeoireacht éanlaithe clóis a bpríomhghníomhaíocht.

6.2 Sainiúlacht an táirge

Tógtar 'Volailles de l'Ain' ar bhonn saor-raoin ó aois íosta agus saor-rochtain acu ar chlós féarúil a bhfuil crainn ar gach taobh de.

Tagann siad ó phórtha crua a fhásann go mall, rud a thacaíonn le taiscéalaíocht na gclós.

A bhuí le haiste bia atá bunaithe ar chion ard gránach, tá na saintréithe seo a leanas ag 'Volailles de l'Ain':

— cruth maith conablaigh;

— conablach dea-chumhdaithe a bhfuil mais matán aige atá dáilte go maith thar an gcnámharlach ar fad, agus feoil theann air.

Tógtar Volailles de l'Ain ar bhonn saor-raoin, i gcomhréir le fios gnó traidisiúnta na ngabháltas sa limistéar. Beathaítear iad go páirteach ar arbhar Indiach, de réir an traidisiúin feirmeoireachta. Dhíolfaí ansin iad ar mhargaí. Tá dlúthnasc idir na cleachtais sin agus saintréithe nádúrtha an réigiúin.

— Tá móinéir an-choitianta in Ain. Dá bhrí sin, tógtar éanlaith chlóis ar chlóis go traidisiúnta.

— Tá an limistéar oiriúnach go maith chun gránaigh agus arbhar Indiach a fhás. Dá bhrí sin, is gránaigh atá in 70 % ar a laghad den bheatha le haghaidh 'Volailles de l'Ain'. Bíonn tionchar aige sin ar cháilíocht an ramhraithe (deascáin saille ionmhatánaí).

— Le rogha na bpórtha a fhásann go mall agus aois íosta an mharaithe, bunaítear traidisiún feirmeoireachta an réigiúin: tógann sé am ar fheirmeoirí a n-éanlaith chlóis a thógáil. Maraítear iad ag céim fhiseolaíoch aibí, agus bhí am ag a gcuid matán forbairt a dhéanamh agus a bheith marmaraithe le saill.

Tugann na saintréithe sin cáil do 'Volailles de l'Ain' mar éanlaith chlóis ar ardchaighdeán.

Trí scrúdú a dhéanamh ar na cartlanna roinne, nochtar na naisc sheanbhunaithe idir feirmeoireacht éanlaithe clóis agus an roinn sin. An cúpla abairt seo, mar shampla: 'Bhí na daoine chomh ríméadach sin an lá sin a d'fhág na Rómhánaigh gur vótáil an Chomhairle, as buíochas a ghabháil le Marcas Treffort, gur cheart dhá dhosaen cábún a ramhraíodh a chur faoina bhráid' — a tógadh ó chláir bhardasacha bhaile Bourg-en-Bresse ón 12 Samhain 1591 — mar fhianaise ar thraidisiún tógála éanlaithe clóis réigiún Ain.

Tá saothrú arbhair Indiaigh fréamhaithe i gcleachtais talmhaíochta áitiúla leis na céadta blianta, rud a bhfuil tionchar díreach aige ar mhodhanna traidisiúnta feirmeoireachta stoic.

Cosúil le táirgeadh éanlaithe clóis, tá tomhaltas éanlaithe clóis fréamhaithe go láidir i roinn Ain.

Tá traidisiún láidir gastranómach ag Ain atá dírithe ar éanlaith chlóis. Is é 'L'Ain an phríomhroinn san ealaín a bhaineann le scoth an bhia. Is ann atá an líon is airde bialann ar bronnadh réaltaí orthu i dtreoirleabhar Michelin. I ngach sráidbhaile, cuireann dhá nó trí cinn de ghnóthais beaga den scoth biachlár ar fáil a mheasfaí a bheith galánta in áiteanna eile, ach anseo, meastar go bhfuil sé measartha simplí.' - A Cognet - Marie-France Uimh. 339 - 1984 - *L'Ain Gourmand*.

Sa lá atá inniu ann, níl aon bhialann ann nach gcuireann miasa éanlaithe clóis saor-raoin éagsúla ar fáil:

— Cos saor-raoin sicín Ain líonta le luibheanna, le huachtar oráiste – Oideas le Nicolas Morelle, Voyage des Sens, Val Revermont;

— Sicín saor-raoin Ain le cráifisc – Oideas le la Table d'Augustine, Priay;

— Sicín saor-raoin Ainagus beacáin mhorchail lena gcois – Oideas le Glycine, Neuville les Dames;

— Sicín saor-raoin ruadhóite Ain le hanlann uachtair Etrez — Oideas le Stéphane Téjérina, Polliat.

Itear é ina chineálacha uile: rósta, stofa, gríosctha, iomlán nó i bpíosaí. Dá bhrí sin, tá éileamh láidir áitiúil ar éanlaith chlóis ar ardchaighdeán, éileamh a bhfreastalaíonn ‘olailles de l’Ain’air.

Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-0300d171-9217-40a1-9f9c-72d46c08b339